**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0137/2024**

20.3.2024

# TUARASCÁIL EATRAMHACH

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)
(COM(2023)0383 – C9-0035/2024 – 2023/0222R(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Karin Karlsbro

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................10

IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ....................................................................................................................................11

LITIR ÓN GCOISTE UM FHORBAIRT.....................................................................13

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................16

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ..17

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT) (COM(2023)0383 – C9-0035/2024 – 2023/0222R(NLE))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 13 Iúil 2023 le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí (COM(2023)0383),

– ag féachaint do dhréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil in adhmad agus i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí (12247/2023),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí maidir le foraoisí, rialachas agus trádáil in adhmad agus i dtáirgí adhmaid agus díorthaithe chuig an Aontas Eorpach (12902/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir leis na chéad fhomhíreanna d’Airteagail 207(3), agus 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0035/2024/2024),

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a chur ar bun i gcás allmhairí adhmaid sa Chomhphobal Eorpach[1] (Rialachán FLEGT),

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh[2] (Rialachán Adhmaid AE),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640), agus do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2020 maidir le ról an Aontais i ndáil le

---

[1] IO L 347, 30.12.2005, lch. 1.
[2] IO L 295, 12.11.2010, lch. 23.
[3] IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.

foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú[1],

– ag féachaint do rún uaithi an 22 Deireadh Fómhair 2020 maille le moltaí don Choimisiún maidir le creat dlíthiúil AE chun stop a chur le dífhoraoisiú domhanda atá á thiomáint ag AE agus chun é a aisiompú[2],

– ag féachaint do Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide agus do Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal maidir le stop a chur le caillteanas an dúlra agus é a aisiompú,

– ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (Rialachán AE maidir le Dífhoraoisiú)[3],

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an [XXXX][4] maidir le dréachtchinneadh ón gComhairle,

– ag féachaint do Riail 105(5) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0137/2024),

A. de bhrí go bhfuil thart ar 11 % de limistéar talún an Chósta Eabhair clúdaithe le foraoisí, ar foraois trópaiceach bháistí a leath díobh; de bhrí go bhfuil laghdú mór tagtha ar chlúdach foraoise an Chósta Eabhair, le caillteanas 75% d’fhoraoisí na tíre ó 1960 i leith, go príomha mar gheall ar leathnú na mbarr margaidh sa tír, go háirithe cócó, ach plandálacha rubair, caife, caisiú agus ola pailme freisin; de bhrí go ndeachaigh an caillteanas cumhdaigh foraoise sa Chósta Eabhair ó 275 000 ha in aghaidh na bliana ar an meán idir 1990 agus 2000, go 71 600 ha in aghaidh na bliana idir 2015 agus 2021, agus go 26 000 ha in aghaidh na bliana idir 2019 agus 2021;

B. de bhrí gur tugadh cód nua foraoise isteach in 2019 chun straitéis inbhuanaithe maidir le bainistiú foraoisí a shainiú; de bhrí nár tháinig an cód nua foraoise i bhfeidhm go fóill agus go leantar d’earnáil na foraoiseachta a eagrú de réir fhorálacha foraithne roimhe seo ó 1994;

C. de bhrí, le blianta beaga anuas, go bhfuil laghdú tagtha ar an bhforaoiseacht mar sciar de gheilleagar na tíre agus nach raibh inti ach 1 % de OTI in 2019, de réir na hAireachta Uisce agus Foraoisí (Ministère des Eaux et Forêts); de bhrí go bhfuil earnáil na foraoiseachta fós ar an gceathrú foinse ioncaim onnmhairiúcháin is mó agus ina fostóir mór, ach go bhfuil todhchaí na hearnála faoi bhagairt ag rátaí arda dífhoraoisithe agus

---

[1] IO C 385, 22.9.2021, lch. 10.
[2] IO L 404, 6.10.2021, lch. 175.
[3] IO L 150, 9.6.2023, lch. 206.
[4] Téacsanna arna nglacadh an dáta sin, P9_TA(0000)0000.

cleachtais neamh-inbhuanaithe le blianta beaga anuas; de bhrí go bhfuil próiseas an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí, ina leagtar béim ar dhlíthiúlacht agus dea-rialachas, ag cuidiú le hearnáil na foraoiseachta poist inbhuanaithe chuibhiúla tuaithe a chruthú, an bhithéagsúlacht agus na linnte carbóin a chaomhnú, an dúlra a athbhunú agus ioncam a ghiniúint do mhuintir an Chósta Eabhair, trí chleachtais inbhuanaithe maidir le bainistiú foraoisí a dhéanamh;

D. de bhrí, go stairiúil, gurb iad tíortha na hEorpa an príomhcheann scríbe le haghaidh adhmad a onnmhairíodh ón gCósta Eabhair, cé go dtugann sonraí Comtrade na Náisiún Aontaithe chun suntais go bhfuil laghdú tagtha ar sciar na n-onnmhairí chun na hEorpa, agus go bhfuil sciar na n-onnmhairí go dtí an Áise ag dul i méid;

E. de bhrí gurb é an Cósta Eabhair an dara geilleagar is mó san Afraic Thiar i ndiaidh na Nigéire agus an soláthraí cócó is mó ar domhan; de bhrí gurb é AE príomhchustaiméir chócó an Chósta Eabhair (tá 67 % d’onnmhairí cócó an Chósta Eabhair ag dul chuig AE);

F. de bhrí go ndearna an Cósta Eabhair iarraidh oifigiúil chuig AE ar fhaisnéis maidir le próiseas FLEGT i mí Eanáir 2010; de bhrí gur sheol an dá pháirtí caibidlíocht VPA i mí an Mheithimh 2013 agus gur thug siad caibidlíochtaí i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2022;

G. de bhrí gurb é cuspóir VPA a áirithiú go gcomhlíonfaidh gach lastas adhmaid agus táirgí adhmaid ón gCósta Eabhair atá beartaithe do mhargadh AE Córas an Chósta Eabhair um Dhearbhú Dlíthiúlachta Adhmaid (TLAS) agus go gcáileoidh siad ar an gcaoi sin do cheadúnas FLEGT; de bhrí go mbeidh ar adhmad intíre agus adhmad atá beartaithe do mhargaí eile onnmhairiúcháin cloí le TLAS agus go mbeidh sé faoi réir Deimhniú H-Dhlíthiúil a eisiúint;

H. de bhrí go bhfuil TLAS bunaithe ar shainmhíniú dlíthiúlachta, rialuithe ar shlabhra an tsoláthair, fíorú ar chomhlíonadh, ceadúnú FLEGT agus iniúchadh neamhspleách:

I. de bhrí, ón 1 Eanáir 2025, go mbeidh soláthar cócó agus adhmaid ón gCósta Eabhair chuig margaí AE, i measc nithe eile, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i Rialachán AE maidir le Dífhoraoisiú;

J. de bhrí go gcumhdaítear leis an gcomhaontú na cúig tháirge adhmaid éigeantacha faoi Rialachán FLEGT – lomáin, adhmad sáfa, trasnáin iarnróid, sraithadhmad agus veinír – agus roinnt táirgí eile adhmaid;

K. de bhrí go dtéann cuspóir VPAnna FLEGT agus na tairbhí a bhfuiltear ag dréim leo thar éascú na trádála in adhmad dleathach, ós rud é go bhfuil siad ceaptha freisin chun athruithe córasacha a dhéanamh ar rialachas foraoise, ar fhorfheidhmiú an dlí, ar thrédhearcacht agus ar gheallsealbhóirí éagsúla a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta polaitiúla;

1. á chur in iúl gur geal léi tabhairt chun críche na caibidlíochta maidir le VPA idir AE agus an Cósta Eabhair agus á iarraidh go ndaingneoidh an dá thaobh é go pras ionas gur féidir leis teacht i bhfeidhm in XXXX;

2. á aithint gur próiseas fadtéarmach a bheidh i gcur chun feidhme iomlán VPA, próiseas lena gceanglófar tacar iomlán reachtaíochta a ghlacadh mar aon le cumas agus saineolas riaracháin leormhaith chun é a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú; á mheabhrú nach féidir tús a chur le ceadúnú FLEGT go dtí go mbeidh an Cósta Eabhair tar éis a léiriú go bhfuil a TLAS ullamh; á iarraidh, dá bhrí sin, go dtabharfaí isteach bearta a d'fhéadfadh tacú le próisis riaracháin a bhfuil ualach ag baint leo a laghdú; ag tathant ar an dá chomhpháirtí modhanna digiteacha a shainaithint chun an próiseas a shimpliú, mar shampla, réitigh gan pháipéar amhail ríomhdheimhnithe;

3. ag cur béim ar na rátaí arda dífhoraoisithe sa Chósta Eabhair, a bhaineann go háirithe le táirgeadh cócó, agus droch-rialú na lománaíochta neamhdhleathaí agus na trádála adhmaid; ag aithint thiomantas an Chósta Eabhair maidir lena áirithiú go ndéanfar adhmad a lománú de réir an dlí náisiúnta agus le leanúint dá athchóirithe rialála chun an creat dlíthiúil a chomhlánú agus a neartú, chomh maith le creat a ghlacadh chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus chun meastóireachtaí neamhspleácha a dhéanamh ar an gcóras;

4. á chur i bhfáth go bhfuil gá le comhairliúcháin leanúnacha agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí ag céim an chur chun feidhme, lena n-áirítear geallsealbhóirí ó laistigh agus lasmuigh d'earnáil na foraoiseachta, go háirithe ó phobail áitiúla agus dhúchasacha; á chur i bhfáth, thairis sin, nach mór an ghné inscne a chur san áireamh freisin ag an gcéim sin; á mheabhrú, i ndáil leis sin, gur gá prionsabail an tsaorthoilithe fheasaigh roimh ré a chomhlíonadh, ar cheart iad a bhunú, i measc nithe eile, mar choinníoll chun gnáththailte foraoise a cheannach nó a úsáid, i gcomhréir le dlíthe idirnáisiúnta um chearta an duine, eadhon Coinbhinsiún Uimh. 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha agus na caighdeáin a leagtar amach i dTreoirlínte Deonacha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar Thoscaireacht an Aontais sa Chósta Eabhair agus ar na Ballstáit forbairt shuntasach acmhainní agus tacaíocht leordhóthanach lóistíochta agus theicniúil a áirithiú agus a sholáthar faoi chuimsiú na n-ionstraimí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo maidir le comhar um fhorbairt chun a chur ar chumas an Chósta Eabhair na gealltanais a chomhlíonadh chun a TLAS agus a bhearta gaolmhara a chun feidhme; á mholadh go mbainfeadh an dá chomhpháirtí leas as deiseanna digiteacha i gcás inarb iomchuí, amhail inrianaitheacht agus teicneolaíochtaí blocshlabhra lena bhféadfar cur chun feidhme agus forfheidhmiú VPA a éascú;

5. ag meabhrú go bhfuil bainistiú agus rialachas inbhuanaithe agus cuimsitheach foraoisí bunriachtanach chun na cuspóirí a leagtar amach i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus i gComhaontú Pháras a bhaint amach;

6. á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí a rinne an Cósta Eabhair le déanaí chun treocht an dífhoraoisithe a aisiompú, lena n-áirítear: glacadh na straitéise náisiúnta laghdaithe astaíochtaí ó dhífhoraoisiú agus ó dhíghrádú foraoise i straitéis (REDD+) na dtíortha atá i mbéal forbartha, lena n-áirítear an rogha straitéiseach 'talmhaíocht dífhoraoisithe nialasach', in 2017; Creat Comhpháirteach Gníomhaíochta an Tionscnaimh Cócó agus na bhForaoisí a shíniú; glacadh an bheartais maidir le caomhnú, athshlánú agus leathnú foraoisí; agus an Cód nua Foraoise a fhógairt an 23 Iúil 2019;

7. á chur i bhfios go láidir gur gá ról a thabhairt do pháirtithe leasmhara i gcur chun feidhme VPA i gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, faoinar cheart páirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh d'earnáil na foraoiseachta a bheith rannpháirteach, lena n-áirithítear freisin go gcuirfear gné na hinscne san áireamh;

8. ag aithint Rialachán AE maidir le Dífhoraoisiú atá tagtha i bhfeidhm anois, lenar cheart go gcomhlánófaí tionscnaimh FLEGT agus tionscnaimh eile lena dtugtar aghaidh ar dhífhoraoisiú neamhdhleathach; ag tathant ar chomhpháirtithe dúbláil na mbeart sin a sheachaint agus gníomhaíochtaí a chuíchóiriú chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as na tairbhí do ghnólachtaí, do shaoránaigh agus don chomhshaol; á áitiú go bhfuil gá le sásraí tacaíochta leormhaithe, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus d'fheirmeoirí beaga, i gcur chun feidhme an Rialacháin;

9. á chur i bhfáth go bhfuil rath FLEGT ag brath freisin ar dhul i ngleic le calaois, coireacht eagraithe agus éilliú feadh shlabhra an tsoláthair adhmaid; ag tathant ar Rialtas an Chósta Eabhair leanúint den obair chun deireadh a chur le héilliú forleathan agus aghaidh a thabhairt ar thosca eile lena spreagtar lománaíocht neamhdhleathach agus díghrádú foraoise, agus aird ar leith á tabhairt ar chustaim, i gcomhar le húdaráis eile a mbeidh ról lárnach acu i gcur chun feidhme agus i bhforfheidhmiú VPA; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cearta an duine a chosaint, go háirithe cearta oibrithe, agus earraí agus táirgí á bhfoinsiú do mhargadh AE; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, ar údaráis áitiúla cosaint speisialta a leathnú chuig leanaí;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún an leithdháileadh cistiúcháin don Chomhpháirtíocht Foraoise leis an gCósta Eabhair a mhéadú mar chuid den phróiseas athbhreithnithe clársceidealaithe do chlár déthaobhach AE do 2025-2027 chun cabhrú le cur chun feidhme VPA, agus chun é sin a chomhlánú leis an tacaíocht theicniúil is gá chun iarrachtaí agus tiomantas polaitiúil an Chósta Eabhair a éascú agus chun cuspóirí an dá pháirtí VPA a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, tuairisc a thabhairt go tréimhsiúil ar an dul chun cinn maidir le plean gníomhaíochta FLEGT.

11. á chur in iúl gur geal léi an gealltanas ón Aireacht Uisce agus Foraoisí bearta a dhéanamh chun mná a chomhtháthú go héifeachtach i mbainistiú acmhainní foraoise na tíre; á chur i bhfáth, thairis sin, a thábhachtaí atá sé mná agus grúpaí leochaileacha eile a áireamh i mbainistiú foraoisí i gcaibidlíocht VPA amach anseo; á iarraidh go ndéanfaí anailís inscne a phríomhshruthú i ngach gníomhaíocht agus tionscadal a bhaineann le cur chun feidhme VPA FLEGT; ag tathant ar chomhlachtaí poiblí eile an Chósta Eabhair straitéisí inscne a ghlacadh maidir le bainistiú foraoisí;

12. á iarraidh go neartófaí ról agus rannpháirtíocht na hearnála príobháidí i gcur chun feidhme VPA agus go gcabhrófaí le hoibreoirí, go háirithe FBManna, acmhainneacht a fhorbairt chun soiléireacht, tuiscint agus comhlíonadh níos fearr a áirithiú maidir le ceanglais VPA;

13. á aithint gur féidir le próiseas caibidlíochta VPA ligean d'earnálacha spriocanna agus tosaíochtaí comhroinnte a shainaithint chun oibriú i dtreo bainistiú inbhuanaithe foraoisí, chomh maith le deis thábhachtach a chur ar fáil do phobail chun bainistiú rannpháirteach a dhéanamh ar a bhforaoisí ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal pobail agus ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear eagraíochtaí oibrithe agus gnó, agus fiú ar

an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal cónaidhme;

14. ag cur béim ar a thábhachtaí atá poist foraoise agus fostaíocht tuaithe do gheilleagar an Chósta Eabhair, ar cheart iad a chur san áireamh maidir le cur chun feidhme VPA; á mheas, i ndáil leis sin, gur cheart don Choimisiún agus d'údaráis an Chósta Eabhair measúnú uileghabhálach a dhéanamh ar thionchar VPA ar oibrithe agus ar tháirgeoirí beaga san earnáil, a bhféadfadh na rialuithe logála méadaithe difear a dhéanamh dóibh; á iarraidh ar an gCoimisiún cláir chun na hoibrithe agus na táirgeoirí sin a ath-thiontú chuig gníomhaíochtaí eile a chur chun cinn agus tacú leo;

15. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá táirgeadh inbhuanaithe cócó sa Chósta Eabhair; á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh amhail an Chomhghuaillíocht maidir le Cócó Inbhuanaithe, treochlár uaillmhianach arna fhormhuiniú go comhpháirteach ag AE, an Cósta Eabhair, Gána agus earnáil an chócó chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil tháirgeadh agus thrádáil an chócó;

16. á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an dífhoraoisithe sa Chósta Eabhair; á mheabhrú, i ndáil leis sin, gurb é an Cósta Eabhair an táirgeoir cócó is mó ar domhan, agus go bhfuil thart ar 40 % dá tháirgeadh cócó beartaithe do AE; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, áfach, nach bhfaigheann sí ach idir 5 % agus 7 % den bhrabús a ghintear leis an earnáil sin ar fud an domhain, agus mar thoradh air sin, cé go soláthraíonn an earnáil sin ioncam d'aon chúigiú de dhaonra an Chósta Eabhair, nach féidir le feirmeoirí maireachtáil óna gcuid oibre ná óna dtáirgeadh de ghnáth; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go meastar go bhfuil 54.9 % de tháirgeoirí cócó an Chósta Eabhair agus a dteaghlaigh ag maireachtáil faoi bhun thairseach na bochtaineachta faoi láthair; á mheabhrú gurb é an bealach is fearr chun cócó a dhéanamh inbhuanaithe ná a áirithiú go n-íocfaidh cuideachtaí praghas cothrom ar chócó agus luach saothair leormhaith le feirmeoirí agus deireadh a chur le saothar leanaí i dtáirgeadh cócó;

17. ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le húsáid talún i rialachas foraoisí agus go bhfuil gá le fís straitéiseach i rialachas foraoisí a bhaineann le saincheisteanna an athraithe aeráide agus na bithéagsúlachta; á iarraidh ar Rialtas an Chósta Eabhair dlúthchomhordú a áirithiú idir na tionscnaimh éagsúla atá ann cheana in earnáil na foraoiseachta, amhail REDD+, VPA FLEGT agus ranníocaíochtaí arna gcinneadh go náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras agus spriocanna náisiúnta faoi Chreat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Montreal;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí tacú go gníomhach leis an gCósta Eabhair i gcomhréir le hAirteagal 30 de Rialachán AE maidir le Dífhoraoisiú; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór rannpháirtíocht iomlán na ngeallsealbhóirí uile a cheadú leis an gcomhar, lena n-áirítear feirmeoirí beaga agus gur cheart cúnamh a áireamh ann maidir le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo, amhail an Treoir maidir le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus an Rialachán maidir le Saothar Éigeantach;

19. á aithint go gcruthaíonn VPA leis an gCósta Eabhair, chomh maith leo siúd le tíortha eile, gur féidir le comhaontuithe trádála oibriú, gan bagairt smachtbhannaí a fhorchur, trí mhodhanna éagsúla rialaithe agus comhair a chur san áireamh;

20. á chur i bhfios go láidir go gcuireann VPAnna creat dlí tábhachtach ar fáil do AE agus dá thíortha comhpháirtíochta araon, rud a baineadh amach trí dhea-chomhar leis na tíortha lena mbaineann agus trí thiomantas uathu; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur cheart VPAnna nua le comhpháirtithe breise a chur chun cinn;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún tuairisciú go tráthrialta don Pharlaimint maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe, lena n-áirítear maidir le hobair an Chomhchoiste Cur Chun Feidhme;

22. á iarraidh ar Bhallstáit AE Rialachán Adhmaid AE a chomhlíonadh agus a chur chun feidhme go hiomlán agus ailíniú le ceanglais Rialachán AE maidir le Dífhoraoisiú;

23. á chur i bhfáth go mbainfeadh tíortha ar fud an domhain a bhfuil sé mar aidhm acu margaí allmhairithe rialáilte a bheith acu le haghaidh adhmad dlíthiúil tairbhe as comhoibriú agus, i gcás inar féidir, as tacú le rialacha agus córais a chéile, amhail FLEGT agus VPAnna an Aontais; ag cur béim ar an bhfíoras go mbeadh caighdeáin idirnáisiúnta níos éifeachtaí agus go gcuirfidís slándáil dhlíthiúil fhadtéarmach do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí chun cinn;

24. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus rialtais agus parlaimintí Phoblacht an Chósta Eabhair.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

D’fhoilsigh an tAontas Eorpach a Phlean Gníomhaíochta maidir le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT) in 2003. Tá sé mar aidhm leis lománaíocht neamhdhleathach sa domhan a chomhrac. Trí Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Deonacha (VPAnna) le tríú tíortha táirgthe adhmaid, osclaítear AE d’allmhairí adhmad agus táirgí adhmaid a tháirgtear go dleathach teacht isteach ar an Margadh Aonair. Is comhaontuithe trádála ceangailteacha iad na comhaontuithe sin. Cuidíonn siad freisin le rialáil agus rialachas níos fearr in earnáil na foraoise sa tír is onnmhaireoir.

An 13 Iúil 2023, mhol an Coimisiún Eorpach na conclúidí maidir le comhaontú comhpháirtíochta deonaí idir an tAontas agus an Cósta Eabhair maidir le FLEGT. Is díol sásaimh don Rapóirtéir an fhorbairt sin, agus béim á leagan aige ar roinnt gnéithe de VPA sa rún, lena n-áirítear an gá atá le hiarrachtaí fadtéarmacha chun an comhaontú a chur chun feidhme, an t-achtú reachtach agus fothú acmhainneachta riaracháin, go háirithe i gcás Córais Dearbhaithe Dlíthiúlachta Adhmaid sula dtosófar ar cheadúnú FLEGT. Cuid thábhachtach eile is ea an tábhacht a bhaineann le comhairliúcháin leanúnacha, rannpháirtíocht geallsealbhóirí, agus tacaíocht fothaithe acmhainneachta ón gCoimisiún agus ó Thoscaireacht an Aontais chun cabhrú leis an gCósta Eabhair a ghealltanais a chomhlíonadh.

Dá bhrí sin, ní mór do Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt don chomhaontú tábhachtach sin. Ina theannta sin, ní mór don Aontas Eorpach faireachán cúramach a dhéanamh agus tacaíocht acmhainneachta a thairiscint chun a chur chun feidhme éifeachtach a áirithiú. Is deis é sin do chomhaontú a mbeidh tairbhe ag cách as, ach is freagracht é freisin chun gníomhú nuair is féidir linn, maidir le hobair ar mhaithe le cuspóirí comhchoiteanna agus comhdhúshláin a chomhrac le chéile.

## IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE
## ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

29.1.2024

## LITIR ÓN GCOISTE UM FHORBAIRT

An tUasal Bernd Lange
Cathaoirleach
An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir leis an tuarascáil eatramhach ar thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí (FLEGT) (2023/0222R(NLE))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Fhorbairt tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Deireadh Fómhair 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhorbairt breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 7 Nollaig 2023. Ag an gcruinniú sin[1], chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Is mise, le meas,

Tomas Tobé

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Pierrette Herzberger Fofana (1st Vice-Chair), Mercedes Bresso (2nd Vice-Chair), Stéphane Bijoux (3rd Vice-Chair), Erik Marquardt (4th Vice-Chair), Barry Andrews, Hildegard Bentele, Udo Bullmann, Catherine Chabaud, Christophe Clergeau, Marie Dauchy, Jarosław Duda, Charles Goerens, Mónica Silvana González, György Hölvényi, Aušra Maldeikienė, Caroline Roose, Eleni Stavrou, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok, Carlos Zorrinho

## MOLTAÍ

1. ag tacú go láidir le tabhairt i gcrích na caibidlíochta maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Deonaí (‘an Comhaontú’) idir AE agus Poblacht an Chósta Eabhair, lena n-áiritheofar nach ndéanfar ach adhmad a ndéanfar lománaíocht dhleathach air a allmhairiú isteach san Aontas, lena gcuirfear lománaíocht agus trádáil adhmaid inbhuanaithe chun cinn, lena dtacófar le tionscnaimh na hearnála príobháidí chun na gcríoch sin agus lena neartófar forfheidhmiú dhlí agus rialachas na bhforaoisí;

2. ag cur béim ar na rátaí arda dífhoraoisithe sa Chósta Eabhair, a bhaineann go háirithe le táirgeadh cócó, agus droch-rialú na lománaíochta neamhdhleathaí agus na trádála adhmaid; ag aithint thiomantas an Chósta Eabhair maidir lena áirithiú go ndéanfar adhmad a lománú de réir an dlí náisiúnta agus le leanúint dá athchóirithe rialála chun an creat dlíthiúil a chomhlánú agus a neartú, chomh maith le creat a ghlacadh chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus chun meastóireachtaí neamhspleácha a dhéanamh ar an gcóras;

3. ag meabhrú go bhfuil bainistiú agus rialachas inbhuanaithe agus cuimsitheach foraoisí bunriachtanach chun na cuspóirí a leagtar amach i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus i gComhaontú Pháras a bhaint amach;

4. á chur i bhfios go láidir gur gá ról a thabhairt do pháirtithe leasmhara i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe i gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, faoinar cheart páirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh d’earnáil na foraoiseachta a bheith rannpháirteach, agus a áirithiú ag an am céanna go gcuirfear gné na hinscne san áireamh;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún an leithdháileadh cistiúcháin don Chomhpháirtíocht Foraoise leis an gCósta Eabhair a mhéadú mar chuid den phróiseas athbhreithnithe clársceidealaithe do chlár déthaobhach AE do 2025-2027 chun cabhrú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, agus chun é sin a chomhlánú leis an tacaíocht theicniúil is gá chun iarrachtaí agus tiomantas polaitiúil an Chósta Eabhair a éascú agus chun cuspóirí an dá pháirtí sa Chomhaontú a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, tuairisc a thabhairt go tréimhsiúil ar an dul chun cinn maidir le plean gníomhaíochta FLEGT.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 7.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 32<br>–: 0<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Danuta Maria Hübner, Karin Karlsbro, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Thierry Mariani, Margarida Marques, Emmanuel Maurel, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Helmut Scholz, Dominik Tarczyński, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Jan Zahradil |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, Anna Cavazzini, José Manuel García-Margallo y Marfil, Enikő Győri, Cristina Maestre Martín De Almagro, Javier Moreno Sánchez, Manuela Ripa, Witold Jan Waszczykowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrea Bocskor, Paola Ghidoni, Ivo Hristov, Virginie Joron, Ska Keller, Dace Melbārde, Wolfram Pirchner, Aušra Seibutytė |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 32 | + |
|---|---|
| ID | Paola Ghidoni, Virginie Joron, Danilo Oscar Lancini, Thierry Mariani |
| NI | Andrea Bocskor, Enikő Győri |
| PPE | José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Dace Melbārde, Wolfram Pirchner, Aušra Seibutytė, Jörgen Warborn |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Marek Belka, Ivo Hristov, Bernd Lange, Cristina Maestre Martín De Almagro, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Inma Rodríguez-Piñero, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Anna Cavazzini, Ska Keller, Manuela Ripa |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ECR | Geert Bourgeois, Dominik Tarczyński, Witold Jan Waszczykowski, Jan Zahradil |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh